

Comhdháil ar Thodhchaí na hEorpa:


Treoir ghréasáin d'úsáideoirí ginearálta



Conference
on the **Future**
of **Europe**

Fáilte chuig an treoir d'úsáideoirí ardán na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa. Ar an ardán seo, beidh deis agat cur le hábhair na Comhdhála. Le páirt a ghlacadh, agus do chuid smaointe a roinnt, beidh ort eolas a chur ar phríomhghnéithe an ardáin. Míníonn an treoir seo conas is féidir leat an t-ardán a úsáid.

1. Cláraigh



Le páirt a ghlacadh, iarrfar ort logáil isteach san ardán. Chuige sin, ní mór duit Logáil isteach AE a chruthú, mura bhfuil ceann agat cheana féin. Féach [láithreán gréasáin Logála Isteach AE](#) chuige sin (~ 3 nóiméad). Nuair a bheidh do Logáil isteach AE agat, cliceáil ar an gcnaipe “Logáil isteach” ar ardán na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa (féach an gabháil scáileáin thíos). Lión na réimsí le do sheoladh ríomhphoist agus pasfhocal. Tar éis logáil isteach san ardán, iarrfar ort roinnt ceisteanna gearra fút féin a fhreagairt (m.sh. cén tír arb as duit, d’aois, agus do chúlra). Ansin beidh tú ullamh chun na treoracha thíos a leanúint!



[Log in](#) [English](#) ▼

[Home](#) [About the Conference](#) [Topics](#) [Events](#)

② Próifíl phoiblí

Conference on the Future of Europe

Home About the Conference Topics Events

Timeline My Activity **Following** Followers

Followers **0** Following **4**

Edit account

Climate change and the environment
▲ 14 Stop following

Education, culture, youth and sport
▲ 9 Stop following

Migration
▲ 9 Stop following

Other ideas
▲ 10 Stop following

Chun do phróifíl a chumrú, téigh chuig do chuntas, atá ar taispeáint ar an leathanach baile faoi ainm an chuntais. Ar an leathanach seo, is féidir leat do leasainm poiblí a chur in eagar ar an leathanach seo.

Conas is mian leat an scéala is déanaí faoin gComhdháil a fháil? Féadfaidh tú do shocruithe fógra a roghnú tríd an tríú mír ar an táb ar chlé de do chuntas. Is féidir leat do roghanna féin a dhéanamh: an mian leat glacadh le gach fógra trí ríomhphost, gan glacadh ach le fógraí faoi do ghníomhaíocht féin, na daoine, na topaicí, na himeachtaí nó na smaointe a leanann tú, nó gan fógra ar bith a fháil? Chomh maith le ríomhphost, tá leathanach fógra inrochtana ar an ardán trí chliceáil ar an gclog. Féadfaidh tú do chuntas agus socruithe fógra a athrú ag am ar bith. Is féidir roghnú isteach nó amach as nuachtlitreacha a fháil sa táb seo, nó ar bhuntásc aon nuachtlitreach má roghnaíonn tú iad a fháil.

③ Rannpháirtíocht

I gcás gach topaice, tá bealaí éagsúla le bheith rannpháirteach ag baint úsáid as gnéithe éagsúla den ardán. Is iad na gnéithe “smaointe” agus “imeachtaí” na cinn is minice a úsáidfidh tú.

Smaointe

Téigh chuig «Smaointe» chun an t-ábhar a cuireadh isteach a léamh, a fhorhnuíú agus / nó trácht a dhéanamh orthu agus **do chion féin a chur leis trí chliceáil ar «Smaoineamh nua +»**. Tosaigh trí theideal a thabhairt do do smaoineamh (suas le 150 carachtar) agus cúpla líne a scríobh chun cur síos a dhéanamh ar ábhar do smaoinimh (suas le 1500 carachtar). Ar an gcéad leathanach eile, cuirfead do smaoineamh i gcomparáid le smaointe eile den chineál céanna. Más smaoineamh nua é do smaoineamh, is féidir leat leanúint ar aghaidh, catagóir fo-théamach a roghnú agus pictiúr nó doiciméad nach bhfuil faoi chosaint chóipchirt a chur leis más mian leat. Ansin cuireann tú isteach é chun an chéim dheiridh a shroicheadh: is féidir leat é a athbhreithniú agus ansin é a fhoilsiú!

Imeachtaí

Is féidir leat páirt a ghlacadh in imeachtaí freisin. Is féidir na himeachtaí seo a úsáid chun machnamh níos doimhne a dhéanamh ar cheisteanna ar leith nó chun ócáidí níos neamhfhoirmiúla a eagrú idir baill eagraíochta nó grúpa chun oibriú ar chomhsmaointe agus ansin iad a roinnt ar an ardán. Ar an ardán feicfidh tú gach imeacht atá le teacht, cuardaigh cinn a gcuirfeá féin spéis iontu agus cláraigh!

Ar an leathanach «Imeachtaí» feicfidh tú na himeachtaí éagsúla a tharla cheana féin nó atá le teacht. Nuair a chliceálann tú ar cheann acu, beidh rochtain agat ar mhínte ar conas páirt a ghlacadh in imeachtaí atá le teacht más mian leat. Más mian leat breathnú ar imeachtaí a tharla cheana féin, beidh tú in ann a gcuid tuairiscí agus na smaointe agus an t-ábhar eile a bhí faoi chaibidil sna himeachtaí seo a léamh.

Events happening now

Have your voice heard and share your ideas with online and in-person events happening near you.




Webtools | Leaflet | © OpenStreetMap contributors © GISCO, Credit: EC-GISCO, © EuroGeographics for the administrative boundaries, European country names, Names of settlements in Europe (cities,towns) | Disclaimer

Féach ar [“Treoir Ghréasáin d'Eagraithe Imeachtaí”](#) más mian leat imeacht a eagrú.

4 Teachtaireachtaí

As na smaointe agus na tráchtanna a foilsíodh, is féidir leat próifílí úsáideoirí eile a fheiceáil agus ansin teagmháil a dhéanamh leo trí chliceáil ar an deilbhín «Clúdach Litreach».

Cuir tús le comhrá: gheobhaidh do theagmhálaí fógra ríomhphoist.



The screenshot shows the top navigation bar of the 'Conference on the Future of Europe' website. It includes the European Union flag, the text 'Conference on the Future of Europe', and user status 'Logged in' with a language dropdown set to 'English'. A search bar is also present. Below the navigation, there are links for 'Home', 'About the Conference', 'Topics', and 'Events'. The main content area shows a conversation header for 'Conversation with Lisa OSP @lisa_osp'. Below this is a text input field with the text 'Hello Lisa, I would like to find out more about the event you are organising in Paris.' and a blue 'Send' button.

Is féidir leat do chomhráite príobháideacha go léir le húsáideoirí eile a fháil trí chliceáil ar dheilbhín an chlúdaigh litreach sa bharra nascleanúna.